# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

19 Márta 2021

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*


RIALACHÁIN

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/466 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg a shonrú do réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála ar an tsláinte agus ar an gcaighdeán maireachtála atá ag na daoine** ([1]) ..... 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/467 ón gCoimisiún an 16 Márta 2021 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin "Volailles d'Ancenis" (TGFC)** ..... 5

★ **Rialachán (AE) 2021/468 ón gCoimisiún an 18 Márta 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le speiceas luibheolaíoch ina bhfuil díorthaigh hiodrocsa-antraicéine** ([1]) ..... 6

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/469 ón gCoimisiún an 18 Márta 2021 lena nglactar le hiarratas ar chóir nua le haghaidh táirgeoir onnmhairiúcháin i ndáil leis na bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchuirtear ar allmhairí earraí boird ceirmeacha agus earraí cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198** ..... 9

CINNTÍ

★ **Cinneadh (CBES) 2021/470 ón gComhairle an 18 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/489 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar** ..... 13


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.



* Faoin tagairt L 96 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/466 ÓN gCOIMISIÚN

**an 17 Samhain 2020**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg a shonrú do réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála ar an tsláinte agus ar an gcaighdeán maireachtála atá ag na daoine**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar leibhéal an duine aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun na riachtanais a shainaithnítear sna topaicí mionsonraithe ábhartha a chumhdach, ba cheart don Choimisiún uimhir agus teideal na n-athróg a shonrú le haghaidh an tacair sonraí sa réimse dálaí maireachtála (EU-SILC).

(2) Is ionstraim ríthábhachtach í an suirbhé ar staidreamh an Aontais ar ioncam agus dálaí maireachtála ("suirbhé EU-SILC") chun faisnéis a chur ar fáil a cheanglaítear leis an Seimeastar Eorpach agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe maidir le dáileadh ioncaim, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta. Cuireann sé faisnéis ar fáil freisin faoi chúram sláinte, faoi thosca sláinte, stádas sláinte agus míchumas ón modúl a bhíonn ann trí huaire in aghaidh na bliana ar an tSláinte, agus sonraí faoi fholláine agus rannpháirtíocht shóisialta agus chultúrtha ón modúl a bhíonn ann sé huaire in aghaidh na bliana ar an gCaighdeán Maireachtála atá ag na daoine.

(3) Ní rachaidh líon na n-athróg a bheidh le bailiú thar 5 % de líon na n-athróg a bailíodh le haghaidh réimse na ndálaí maireachtála tráth theacht i bhfeidhm do Rialachán (AE) 2019/1700 an 3 Samhain 2019.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn uimhir agus teideal na n-athróg don mhodúl a bhíonn ann trí huaire in aghaidh na bliana ar an tSláinte agus don mhodúl a bhíonn ann sé huaire in aghaidh na bliana ar an gCaighdeán Maireachtála atá ag na daoine.

([1]) IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Samhain 2020.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Líon agus teidil na n-athróg don mhodúl a bhíonn ann trí huaire in aghaidh na bliana ar an tSláinte agus don mhodúl a bhíonn ann sé huaire in aghaidh na bliana ar an gCaighdeán Maireachtála atá ag na daoine sa réimse a bhaineann le hioncam agus le dálaí maireachtála.

| Modúl | Topaic mhionsonraithe | Aitheantóir na hathróige | Ainm na hathróige |
|---|---|---|---|
| Sláinte | Cúram sláinte (6 athróg a bailíodh) | HS200 | Ualach airgeadais an chúraim leighis (seachas cógais leighis) |
| | | HS210 | Ualach airgeadais chúram na bhfiacla |
| | | HS220 | Ualach airgeadais na gcógas leighis |
| | | PH090 | Líon na gcomhairliúchán le dochtúir ginearálta nó le dochtúir teaghlaigh le 12 mhí anuas |
| | | PH080 | Líon na gcomhairliúchán le fiaclóir, ortódóntóir, nó speisialtóir cúraim fiacla eile le 12 mhí anuas |
| | | PH100 | Líon na gcomhairliúchán le speisialtóir leighis nó máinliachta (seachas fiaclóir, ortódóntóir, nó speisialtóir eile i gcúram na bhfiacla) le 12 mhí anuas |
| | Tosca sláinte (8 n-athróg a bailíodh) | PH110A | ICM 1 Meáchan |
| | | PH110B | ICM 2 Airde |
| | | PH122 | Cineál gníomhaíochta coirp le linn do dhuine a bheith ag obair |
| | | PH132 | Minicíocht na ngníomhaíochtaí coirp (seachas an obair) |
| | | PH142 | Minicíocht ite torthaí (seachas sú torthaí) |
| | | PH152 | Minicíocht ite glasraí nó sailéid (seachas sú glasraí) |
| | | PH171 | Minicíocht caite tobac (lena n-áirítear toitíní leictreonacha nó gairis leictreonacha chomhchosúla) |
| | | PH180 | Minicíocht ólta alcóil d'aon chineál |
| | Sonraí maidir le stádas sláinte agus míchumas (6 athróg a bailíodh) | PH101 | Radharc lag, fiú agus spéaclaí nó lionsaí tadhaill á gcaitheamh |
| | | PH111 | Éisteacht lag, fiú agus áis éisteachta á caitheamh |
| | | PH121 | Deacrachtaí siúil nó deacrachtaí dul suas céimeanna |
| | | PH131 | Deacrachtaí le rudaí a thabhairt chun cuimhne nó deacrachtaí aird a dhíriú ar rudaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | PH141 | Deacrachtaí (le féinchúram, ar nós deacrachtaí) ag an duine é féin a ní nó a chóiriú |
| | | PH151 | Deacrachtaí cumarsáide (an ghnáthchaint a úsáid, mar shampla, daoine eile a thuiscint nó a bheith intuigthe ag daoine eile) |
| Caighdeán maireachtála | Folláine<br>(7 n-athróg a bailíodh) | PW241 | Ag brath go bhfuil tú fágtha ar leataobh |
| | | PW030 | Sástacht le do staid airgeadais |
| | | PW160 | Sástacht le do chuid caidreamh pearsanta |
| | | PW120 | Sástacht le bainistiú do chuid ama féin (méid ama fóillíochta) |
| | | PW230 | Uaigneas |
| | | PW090 | Sonas |
| | | PW180 | Cuidiú a fháil ó dhaoine eile |
| | Rannpháirtíocht shóisialta agus chultúrtha<br>(13 athróg a bailíodh) | PS010 | A mhinice a théann tú chun na pictiúrlainne |
| | | PS020 | A mhinice a fhreastalaíonn tú ar léirithe beo (drámaí, ceolchoirmeacha, ceoldrámaí, léirithe bailé agus damhsa) |
| | | PS030 | A mhinice a thugann tú cuairt ar shuíomhanna cultúrtha |
| | | PS040 | A mhinice a fhreastalaíonn tú ar imeachtaí beo spóirt |
| | | PS041 | Cleachtadh na n-ealaíon |
| | | PS042 | An léitheoireacht (lena n-áirítear ríomhleabhair nó closleabhair, le linn na bliana) |
| | | PS050 | A mhinice a bhuaileann tú le baill teaghlaigh (daoine muinteartha) |
| | | PS060 | A mhinice a bhuaileann tú le cairde |
| | | PS070 | Minicíocht do chuid teagmhála le baill teaghlaigh (daoine muinteartha) |
| | | PS080 | Minicíocht na teagmhála le do chuid cairde |
| | | PS110 | Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí deonacha foirmeálta |
| | | PS111 | Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí deonacha neamhfhoirmeálta |
| | | PS102 | Saoránacht ghníomhach |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/467 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16 Márta 2021**

**lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin "Volailles d'Ancenis" (TGFC)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na Fraince ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht an táisc gheografaigh faoi chosaint "Volailles d'Ancenis" atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú atá i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin ([3]).

(3) I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ós rud é nár tugadh aon fhógra faoi ráiteas freasúra don Choimisiún, ní mór an leasú ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm "Volailles d'Ancenis" (TGFC), is leasú é atá formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

---

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 1996 maidir le tásca geografacha agus sonrúcháin tionscnaimh a chlárú faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 ón gComhairle (IO L 148, 21.6.1996, lch. 1).

([3]) IO C 395, 20.11.2020, lch. 7.

# RIALACHÁN (AE) 2021/468 ÓN gCOIMISIÚN

**an 18 Márta 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le speiceas luibheolaíoch ina bhfuil díorthaigh hiodrocsa-antraicéine**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(2)(a)(i) agus (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006, ar a thionscnamh féin nó ar bhonn na faisnéise a chuirfidh na Ballstáit ar fáil, féadfaidh an Coimisiún nós imeachta a thionscnamh chun substaint nó comhábhar ina bhfuil substaint nach vitimín ná mianra í in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 lena liostaítear na substaintí ar ina leith atá a n-úsáid toirmeasctha, srianta nó faoi ghrinnscrúdú an Aontais i mbianna, má tá baint idir an tsubstaint sin agus riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do thomhaltóirí mar a shainítear in Airteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006.

(2) Is líonmhar iad na plandaí ina bhfuil díorthaigh hiodrocsa-antraicéine agus baineann siad le héagsúlacht finte agus géinis luibheolaíocha. Baintear úsáid astu i bhforbhianna go forleathan.

(3) Agus tuairim eolaíoch á glacadh ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia an 9 Deireadh Fómhair 2013 faoi bhunús eolaíoch maímh i leith sláinte maidir le díorthaigh hiodrocsa-antraicéine agus le feabhas a chur ar fheidhmíocht na stéige ([2]), is é an chonclúid a bhí acu gur féidir le díorthaigh hiodrocsa-antraicéine sa bhia feabhas a chur ar fheidhmíocht na stéige, ach mhol siad gan iad a úsáid go fadtéarmach agus gan dáileoga arda a ghlacadh mar gheall ar cheisteanna sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith ann amhail contúirt na héagothroime leictrilíte, feidhmíocht lagaithe na putóige, agus spleáchas ar phurgóidí.

(4) I bhfianaise na tuairime sin, agus na gcúiseanna buartha a chuir na Ballstáit in iúl, sa phlé a rinneadh in 2013 ar an maíomh sláinte i dtrácht maidir leis na héifeachtaí dochracha a bhaineann le bia a ithe ina bhfuil díorthaigh hiodrocsa-antraicéine agus ullmhóidí de, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás in 2016 tuairim eolaíoch a chur ar fáil maidir le sábháilteacht úsáid díorthach hiodrocsa-antraicéine sa bhia a mheas i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006.

(5) An fhaisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil don Choimisiún, chomhlíon sé na coinníollacha riachtanacha agus na ceanglais a leagadh síos in Airteagail 3 agus 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) Uimh. 307/2012 ([3]).

(6) An 22 Samhain 2017, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch maidir le sábháilteacht úsáid díorthach hiodrocsa-antraicéine sa bhia a mheas ([4]). Is iad *Rheum palmatum* L. agus/nó Baillon *Rheum officinale* agus/nó a hibridí na díorthaigh hiodrocsa-antraicéine a mheastar a bheith ábhartha don mheasúnú riosca seo; duilleoga nó torthaí *Cassia senna* L.; coirt *Rhamnus frangula* L., coirt *Rhamnus purshiana* DC. agus i nduilleoga Miller *Aloe barbadensis* agus/nó speicis *Aloe* éagsúla, Miller *Aloe ferox* agus a hibridí don chuid is mó.

([1]) IO L 404, 30.12.2006, lch. 26.

([2]) Iriseán EFSA 2013;11(10) :3412

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) Uimh. 307/2012 an 11 Aibreán 2012 lena mbunaítear rialacha le haghaidh cur i bhfeidhm Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bia (IO L 102, 12.4.2012, lch. 2).

([4]) An Painéal um Breiseáin agus Foinsí Cothaitheacha a chuirtear le Bia (ANS); Tuairim Eolaíoch maidir le sábháilteacht díorthach hiodrocsa-antraicéine. Iriseán EPSA, 2018;16(1):5090.

(7) Na díorthaigh hiodrocsa-antraicéine aló-eamóidin agus eamóidin agus dantrón atá gaolmhar leo ó thaobh struchtúir, feictear don Údarás gur léiríodh go bhfuil siad géineatocsaineach *in vitro*. Léiríodh go bhfuil eastóscáin aló géineatocsaineach *in vitro*, agus sin is dóchúla de bharr díorthaigh hiodrocsa-antraicéine atá le fáil san eastóscán. Ina theannta sin, léiríodh go bhfuil aló-eamóidin géineatocsaineach *in vivo*. Léiríodh go bhfuil eastóscán duilleoga lána aló agus dantrón, analóg ó thaobh struchtúir de, carcanaigineach.

(8) Ós rud é go bhfuil aló-eamóidin agus eamóidin le fáil sna heastóscáin, is é an chonclúid a bhí ag an Údarás gur cheart a mheas go bhfuil díorthaigh hiodrocsa-antraicéine géineatocsaineach agus carcainigineach mura nochtar a mhalairt agus go bhfuil imní maidir le sábháilteacht i gcás eastóscán ina bhfuil díorthaigh hiodrocsa-antraicéine cé go bhfuil roinnt éiginnteachta ann. Ní raibh an tÚdarás ábalta comhairle a chur ar fáil maidir le hiontógáil laethúil díorthach hiodrocsa-antraicéine nach ábhar imní maidir le sláinte an duine a bheidh i gceist léi.

(9) Mar gheall ar na hiarmhairtí dochracha tromchúiseacha a bhaineann leis an úsáid a bhaintear as aló-eamóidin, eamóidin, dantrón agus eastóscáin aló ina bhfuil díorthaigh hiodrocsa-antraicéine sa bhia, agus nach bhféadfaí aon iontógáil laethúil díorthach hiodrocsa-antraicéine nach bhfuil ina ábhar imní do shláinte an duine a leagan síos, ba cheart na substaintí sin a thoirmeasc. Dá bhrí sin, ullmhóidí aló-eamóidin, eamóidin, dantrón, agus aló ina bhfuil díorthaigh hiodrocsa-antraicéine, ba cheart iad a áireamh in Iarscríbhinn III, Cuid A de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006.

(10) Le linn na monaraíochta, is féidir díorthaigh hiodrocsa-antraicéine a bhaint as na hullmhóidí luibheolaíocha trí bhíthin sraith próisis scagtha a mbeidh de thoradh orthu táirgí nach mbíonn ach rianleibhéil de na substaintí sin i bhfoirm eisíontas iontu.

(11) Ós rud é gur féidir go mbaineann iarmhairtí dochracha ar an tsláinte leis an úsáid a bhaintear as *Rheum, Cassia* agus *Rhamnus* agus a n-ullmhóidí sa bhia, ach éiginnteacht eolaíoch a bheith fós ann an bhfuil na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn III, Cuid A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 sna hullmhóidí sin, ba cheart na substaintí a chur faoi ghrinnscrúdú an Aontais agus dá bhrí sin, ba cheart iad a áireamh i gCuid C d'Iarscríbhinn III a bhaineann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 a leasú dá réir sin.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 mar a leanas:

(1) le Cuid A, cuirfear na hiontrálacha seo a leanas de réir ord aibítre:

"aló-eamóidin agus gach ullmhóid ina bhfuil an tsubstaint seo";

"eamóidin agus gach ullmhóid ina bhfuil an tsubstaint seo";

"ullmhóidí ó dhuilleog speiceas *Aloe* ina bhfuil díorthaigh hiodrocsa-antraicéine";

"dantrón agus gach ullmhóid ina bhfuil an tsubstaint seo".

(2) le Cuid C, cuirfear na hiontrálacha seo a leanas de réir ord aibítre:

"ullmhóidí ó fhréamh nó ó riosóm *Rheum palmatum* L., Baillon *Rheum officinale* agus a hibridí ina bhfuil díorthaigh hiodrocsa-antraicéine";

"ullmhóidí ó dhuilleog nó ó thoradh *Cassia senna* L. ina bhfuil díorthaigh hiodrocsa-antraicéine";

"ullmhóidí ó choirt *Rhamnus frangula* L., *Rhamnus purshiana* DC. ina bhfuil díorthaigh hiodrocsa-antraicéine".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/469 ÓN gCOIMISIÚN

## an 18 Márta 2021

## lena nglactar le hiarratas ar chóir nua le haghaidh táirgeoir onnmhairiúcháin i ndáil leis na bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchuirtear ar allmhairí earraí boird ceirmeacha agus earraí cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (an "Bunrialachán") ([1]),

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí earraí boird ceirmeacha agus earraí cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ([2]), agus, go háirithe, Airteagal 2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas,

### A. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

(1) An 13 Bealtaine 2013, d'fhorchuir an Chomhairle dleacht chinntitheach frithdhumpála ar allmhairí earraí boird ceirmeacha agus earraí cistine ("an táirge lena mbaineann") de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 412/2013 ón gComhairle ([3]) ("an Bunrialachán").

(2) An 12 Iúil 2019, tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) den Bhunrialachán, chuir an Coimisiún síneadh cúig bliana eile le bearta an Bhunrialacháin trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198

(3) An 28 Samhain 2019, tar éis imscrúdú frith-imchéimniúcháin a dhéanamh de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2016/1036, rinne an Coimisiún leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2131 ([4]).

(4) Cuireadh sampláil i bhfeidhm san imscrúdú bunaidh chun táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 17 den Bhunrialachán.

(5) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne a sampláladh, d'fhorchuir an Coimisiún rátaí aonair dleachta frithdhumpála idir 13,1 % agus 23,4 % ar allmhairí an táirge lena mbaineann. Forchuireadh ráta dleachta 17,9 % ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha nár áiríodh sa sampla. Na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha nár áiríodh sa sampla, liostaítear iad in Iarscríbhinn I de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 arna ionadú ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2131. Thairis sin, forchuireadh ráta dleachta 36,1 % ar fud na tíre ar an táirge lena mbaineann ó chuideachtaí i nDaon-Phoblacht na Síne nár chuir iad féin in aithne ná nár chomhoibrigh leis an imscrúdú.

(6) De bhun Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198, féadfaidh an Coimisiún Iarscríbhinn I den Rialachán sin a leasú, tríd an ráta dleachta is infheidhme a dheonú do na cuideachtaí comhoibritheacha nár áiríodh sa sampla, eadhon an meánráta dleachta ualaithe 17,9 %, i gcás ina soláthróidh aon táirgeoir onnmhairiúcháin nua i nDaon-Phoblacht na Síne dóthain fianaise do Choimisiún maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe ar a mbunaítear na bearta, is é sin ón 1 Eanáir 2011 go dtí an 31 Nollaig 2011), ("an tréimhse imscrúdaithe bhunaidh");

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 189, 15.7.2019, lch. 8.
([3]) IO L 131, 15.5.2013, lch. 1.
([4]) IO L 321, 12.12.2019, lch. 139.

(b) nach bhfuil gaol aige le haon cheann de na honnmhaireoirí ná na táirgeoirí i nDaon-Phoblacht na Síne atá faoi réir bearta frithdhumpála a fhorchuirtear leis an mBunrialachán; agus

(c) go ndearna sé an táirge i gceist a onnmhairiú go hiarbhír chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdaithe bunaidh nó go ndeachaigh sé isteach in oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe chun méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas.

## B. IARRATAS AR CHÓIR NUA LE hAGHAIDH TÁIRGEOIR ONNMHAIRIÚCHÁIN

(7) Chuir an chuideachta Hunan Legend Porcelain Industry Co., Ltd. ("Hunan Legend" nó "an t-iarratasóir") iarratas faoi bhráid an Choimisiúin go dtabharfaí cóir nua le haghaidh táirgeoirí onnmhairithe ("NEPT") di agus, dá bhrí sin, go mbeadh sí faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibritheacha i nDaon-Phoblacht na Síne nár áiríodh sa sampla, is é sin 17,9 %. Mhaígh an t-iarratasóir gur chomhlíon sé na trí choinníoll a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198.

(8) Chun a chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha chun go ndeonófaí NEPT dó, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/1198 ("coinníollacha NEPT"), chuir an Coimisiún ceistneoir ar dtús chuig an iarratasóir ina n-iarradh fianaise a léiríonn gur chomhlíon sé coinníollacha NEPT.

(9) Tar éis anailís a dhéanamh ar an bhfreagra ar an gceistneoir, d'iarr an Coimisiún tuilleadh faisnéise agus fianaise tacaíochta, rud a chuir an t-iarratasóir faoina bhráid.

(10) D'fhéach an Coimisiún le gach faisnéis a mheas sé a raibh gá léi a dheimhniú lena chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir coinníollacha NEPT. Chuige sin, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir isteach ina fhreagra ar an gceistneoir, trí fhéachaint ar bhunachair sonraí éagsúla ar líne lena n-áirítear Orbis ([5]) agus Qichacha ([6]) agus trí fhaisnéis a bhaineann leis an gcuideachta a chros-seiceáil leis an bhfaisnéis arna gcur isteach i gcásanna roimhe sin agus leis an bhfaisnéis atá ar fáil don phobal ar an idirlíon. I gcomhthráth, chuir an Coimisiún tionscal an Aontais ar an eolas faoin iarratas ón iarratasóir agus d'iarr sé air aon tuairim a thabhairt, más gá sin a dhéanamh. Ní bhfuarthas aon bharúil ó earnáil tionsclaíochta an Aontais.

## C. ANAILÍS AR AN IARRATAS

(11) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán (AE) 2019/1198, nár onnmhairigh an t-iarratasóir chuig an Aontas an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdaithe ar a mbunaítear na bearta, is é sin ón 1 Eanáir 2011 go dtí an 31 Nollaig 2011 ("an tréimhse imscrúdaithe bhunaidh"), shuigh an Coimisiún nárbh ann don iarratasóir mar chuideachta ag an am sin. I mí na Bealtaine 2014 a bunaíodh Airteagail Chomhlachais Hunan Legend agus a cheadúnas gnó. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe agus ar an gcaoi sin, comhlíonann sé an coinníoll sin.

(12) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 nach bhfuil gaol ag an iarratasóir le haon cheann de na honnmhaireoirí ná táirgeoirí atá faoi réir bearta frithdhumpála a fhorchuirtear leis an mBunrialachán, shuigh an Coimisiún nach bhfuil gaol ag Hunan Legend le haon cheann de tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne atá faoi réir na mbeart frithdhumpála bunaidh. De réir Qichacha, níl scaireanna ag an Uasal Liang Feiqiao, an t-aon scairshealbhóir in Hunan Legend, ná ní scairshealbhóir é in aon chuideachta a bhfuil baint aici le táirgeadh, próiseáil, díol ná ceannach an táirge lena mbaineann seachas Hunan Legend féin. Ní hé sin an scairshealbhóireacht a bhí ar Hunan Legend nuair a bunaíodh é, áfach. Go dtí mí na Samhna 2016, bhí 49 % de na scaireanna ag Hunan Hualian China Industry Co. Ltd. ("Hunan Hualian"), táirgeoir onnmhairiúcháin a bhí ag monarú an táirge lena mbaineann agus a bhí faoi réir dleacht aonair 18,3 %, agus bhí 51 % de na scaireanna a bhí fágtha ag an Uasal Liang Feiqiao. I mí na Samhna 2016, d'aistrigh Hunan Hualian a scaireanna uile chuig an Uasal Liang Feiqiao trí bhíthin comhaontú aistrithe scaire a thug an dá pháirtí i gcrích eatarthu agus ina leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha faoina ndearnadh an scoilteadh. Tar éis an t-aistriú a dhéanamh, ba é an tUasal Liang Feiqiao an t-aon scairshealbhóir de Hunan Legend, agus chuir an t-iarratasóir agus Hunan Hualian deireadh lena gcaidreamh.

([5]) Is soláthraí domhanda sonraí faisnéise corparáidí é Orbis agus cumhdaíonn sé níos mó ná 220 milliún cuideachta ar fud an domhain. Soláthraíonn sé faisnéis caighdeánaithe faoi chuideachtaí príobháideacha agus faoi struchtúir chorparáideacha go príomha.

([6]) Is bunachar sonraí príobháideach brabúsach atá faoi úinéireacht na Síne é Qichacha a sholáthraíonn sonraí gnó, faisnéis chreidmheasa, agus anailísíocht maidir le cuideachtaí príobháideacha agus poiblí atá bunaithe sa tSín do thomhaltóirí/do ghairmithe.

(13) Thosaigh Hunan Legend ag onnmhairiú ag deireadh na bliana 2017 agus onnmhairíonn sé chuig an Aontas Eorpach ó 2019, is é sin tar éis do Hunan Hualian a tharraingt siar mar scairshealbhóir in 2016. Chomh maith leis sin, níor tugadh le fios sna príomhdhoiciméid chuideachta ina leagtar amach struchtúr Hunan Legend, a airteagail chomhlachais reatha agus a mórleabhar díolacháin go bhfuil aon chuideachta ghaolmhar ag an iarratasóir. Ar an iomlán, níor aithin an Coimisiún aon ghaol mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme 2015/2447 ón gCoimisiún ([7]). Dá bhrí sin, comhlíonann an t-iarratasóir an coinníoll seo.

(14) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(c) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198, gur onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge go hiarbhír chuig an Aontas tar éis na tréimhse imscrúdaithe bunaidh nó gur shínigh an t-iarratasóir oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe maidir le cainníocht shuntasach a onnmhairiú chuig an Aontas, shuigh an Coimisiún gur onnmhairigh an t-iarratasóir chuig an Aontas in 2019, tar éis na tréimhse imscrúdaithe bunaidh. Chuir an t-iarratasóir sonraisc isteach, mar aon le liosta pacála, bille luchta agus admháil íocaíochta ar ordú a rinne cuideachta sa Danmhairg in 2019. Dá bhrí sin, comhlíonann an t-iarratasóir an coinníoll seo.

(15) Dá réir sin, comhlíonann an t-iarratasóir gach ceann de na trí choinníoll chun go ndeonófar NEPT air, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/1198 agus ba cheart, dá bhrí sin, glacadh leis an iarratas. Dá réir sin, ba cheart an t-iarratasóir a bheith faoi réir dleacht frithdhumpála 17,9 % le haghaidh cuideachtaí comhoibritheacha nár áiríodh sa sampla den imscrúdú bunaidh.

## D. **NOCHTADH**

(16) Cuireadh an t-iarratasóir agus tionscal an Aontais ar an eolas faoi na fíricí agus na breithnithe riachtanacha ar measadh gurbh iomchuí an ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibritheacha nár áiríodh sa sampla den imscrúdú bunaidh a dheonú ar Hunan Legend Porcelain Industry Co., Ltd. (“Hunan Legend”).

(17) Tugadh an deis do na páirtithe barúlacha a chur isteach. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(18) Tá an Rialachán i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den Bhunrialachán.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an chuideachta seo a leanas le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 ina bhfuil liosta de na cuideachtaí comhoibritheacha nár áiríodh sa sampla:

| Cuideachta | TARIC cód breise |
|---|---|
| Hunan Legend Porcelain Industry Co., Ltd. | C608 |

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

([7]) IO L 343, 29.12.2015, lch. 558. Leagtar amach in Airteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2015/2447 ón gCoimisiún.) (Cód Custaim an Aontais Eorpaigh), go measfar gaol a bheith ag beirt sa chás go gcomhlíonfar ceann de na coinníollacha seo a leanas: (a) más oifigeach nó stiúrthóir duine acu i ngnólacht an duine eile; (b) más comhpháirtithe gnó iad a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu; (c) más fostóir agus fostaí iad; (d) más ag tríú páirtí 5 % nó níos mó den stoc vótála gan íoc nó de scaireanna an dá cheann, nó má rialaíonn nó má choinníonn tríú páirtí iad, go díreach nó go neamhdhíreach; (e) má stiúrann duine acu an duine eile go díreach nó go hindíreach; (f) má tá an bheirt acu faoi stiúradh díreach nó indíreach ag tríú páirtí; (g) má rialaíonn siad tríú duine go díreach nó go neamhdhíreach le chéile; (h) más daoine ón teaghlach céanna iad. Ní mheasfar gaol a bheith daoine atá i mbun gnó le chéile nuair is gníomhaire aonair, dáileoir aonair nó lamháltóir aonair duine acu, cibé tuairisc a dhéantar air, den duine eile ach amháin má thagann siad faoi na critéir dá dtagraítear san abairt roimhe seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2021/470 ÓN gCOMHAIRLE

**an 18 Márta 2021**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/489 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Aibreán 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/489 ([1]) lena gceaptar Miroslav LAJČÁK mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2020/1313 ón gComhairle ([2]). Tá sainordú ISAE le dul in éag an 31 Márta 2021.

(2) Ba cheart síneadh 17 mhí breise a chur le sainordú ISAE, agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022.

(3) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staide a d'fhéadfadh dul in olcas, agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/489 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

**Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh**

Cuirtear síneadh le sainordú Miroslav LAJČÁK mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar, go dtí an 31 Lúnasa 2022. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú ISAE a fhoirceannadh níos luaithe, ar bhonn measúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) agus ar bhonn togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (Ardionadaí).";

(2) cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 5(1):

"Is é EUR 2 580 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022 a chumhdach.";

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/489 ón gComhairle an 2 Aibreán 2020 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar (IO L 105, 3.4.2020, lch. 3).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/1313 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/489 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar (IO L 308, 22.9.2020, lgh. 4).

(3) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Déanfaidh ISAE tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn a thíolacadh chuig an Ardionadaí, an gComhairle agus an gCoimisiún, agus tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe a thíolacadh chucu faoin 31 Bealtaine 2022.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Márta 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. P. ZACARIAS

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA